Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0335(NLE)**

**13342/21**
**ADD 1**

**MAMA 181**
**MED 58**
**AGRI 512**
**PECHE 398**
**PA 4**
**WTO 248**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 651 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 63(1) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 651 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 651 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2021
COM(2021) 651 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 63(1) den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile**

GA GA

**CINNEADH Uimh. [...] ÓN**

**gCOMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE**

**an […]**

**maidir le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha dá bhforáiltear i bPointe A den Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile**

TÁ AN COMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (an 'Comhaontú Eatramhach Comhlachais'), arna shíniú sa Bhruiséil an 24 Feabhra 1997, agus go háirithe Airteagal 63, mír 2 de, agus

Ag féachaint don Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh agus lena leasaítear an Comhaontú Comhlachais maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (an 'Comhaontú trí Mhalartú Litreacha'), arna shíniú sa Bhruiséil an 13 Aibreán 2011, agus go háirithe mír 1.(a) de phointe C de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Is le mír 1 d'Airteagal 63 den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais a thugtar de chumhacht don Chomhchoiste idir an tAontas Eorpaigh ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú agus sna cásanna eile is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú a bhaint amach.
2. Foráiltear le mír 1(a) de phointe C den Chomhaontú trí Mhalartú Litreacha go bhféadfaidh an Comhchoiste cinneadh a dhéanamh maidir le síneadh a chur leis na leasuithe sealadacha dá bhforáiltear faoi Phointe A den Chomhaontú trí Mhalartú Litreacha.
3. An teorainn ama i gcomhair an chinnidh sin a ghlacfaidh an Comhchoiste, socraíodh í sin chun ligean d'oibreoirí dul in oiriúint don staid nua agus ní dhéanann sin difear do chumhachtaí an Chomhchoiste ann féin. Thug an dá Pháirtí le fios cheana féin in 2020 go bhfuil sé ar intinn acu leanúint leis na leasuithe sealadacha go ceann tréimhse eile deich mbliana.
4. Le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, foráiltear go bhféadfaí cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin, má chomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na leasuithe sealadacha dá bhforáiltear faoi phointe A den Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Údarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, lena ndéantar foráil maidir le tuilleadh léirscaoilte ar tháirgí talmhaíochta, ar tháirgí talmhaíochta próiseáilte agus ar tháirgí éisc agus iascaigh agus lena leasaítear an Comhaontú Comhlachais maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile, beidh feidhm acu go ceann tréimhse bhreise deich mbliana.

*Airteagal 2*

1. Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gCinneadh seo amhail ón lá a ghlacfar é agus beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2022 [an chéad lá tar éis dháta deiridh an bhirt shealadaigh thosaigh].

2. Déanfar an Cinneadh seo a tharraingt suas i dteangacha oifigiúla na bPáirtithe sa Chomhaontú agus beidh na téacsanna sin uile barántúil ar an mbonn céanna

Arna dhéanamh in/sa […]

Thar ceann an Chomhchoiste

An Cathaoirleach